# CORPOIDEACHAS


## Naíonáin: Aonad Oibre Samplach 4

## Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta

## Snáithaonad: Siúl








An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Siúl

**TAFF: ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile tar éis leideanna simplí a bheith tugtha (tóraíocht taisce)**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Léargas ar Aonad 4: Aonad Dul Siar.

Cad atá sa cheacht seo?

1. Dul Siar ar an bhfoclóir (raicéad, pónaireán, liathróid, bosca, fonsa, cón). (Sl. 4-18)
2. Cluichí reatha leis an bhfoclóir (bun, barr, raicéad, pónaireán, liathróid, bosca, fonsa, cón, na huimhreacha (Sl.19-21)
3. Pictiúr le plé sa seomra ranga faoi Thóraíocht Taisce roimh dhul amach leo (véarsa nua d'amhrán chun tacú leo) (Sl.22-24)
4. Tóraíocht Taisce (taobh amuigh) (Sl.25-27)
5. ROGHA EILE: Tóraíocht Taisce Théamach- An Nollaig. (Sl.29-30)
6. Téamh Síos/Athneartú Teanga (Sl.31-32)

# Cad atá sa bhosca?

Réamh-mhúineadh don chluiche Beir Greim Air agus don Tóraíocht Taisce.

Is féidir an rann Cad atá sa Bhosca? a mhúineadh sa seomra ranga mar ullmhúchán.

Rann: Taispeáin na gnáthrudaí: fonsa, liathróid, cón, bosca, raicéad agus pónaireán/mála pónairí don rang.

Déan an liathróid a shonrú. Abair 'Is liathróid í...Is liathróid í!'

Ansin tóg an fonsa: Taispeáin an fonsa don rang. Abair "Is fonsa é.....Is fonsa é". Lean ar aghaidh ag léiriú gach rud leis an bhfoclóir nua. Anois tóg an bosca agus cuir an liathróid isteach ann. Cuir an cheist; "Cad atá sa bhosca? Abair "Tá liathróid sa bhosca" Múin an véarsa iomlán agus iarr ar na páistí é a rá arís is arís go dtí go bhfuil an véarsa uilig á rá acu. Léirigh agus cleachtaigh na ceithre véarsa eile ar an gcaoi chéanna.




Is pónaireán é!
Ní cón é! (Crith do cheann)
Is raicéad é! Raicéad leadóige!

Tá raicéad sa bhosca,
sa bhosca,
sa bhosca.
Tá raicéad sa bhosca,
sa bhosca trom buí.

Nod Gramadaí don Mhúinteoir maidir le hInsnce na nAinmfhocal.

liathróid
(bain) Is ___ í

fonsa, cón, bosca, raicéad, pónaireán, mála
(fir) Is ____ é.

**Cad atá sa bhosca?**

**Meas sibh, cad atá sa bhosca seo?**



# Cad atá sa bhosca?

Cad atá sa bhosca,
Sa bhosca, sa bhosca?
Cad atá sa bhosca,
Sa bhosca trom buí?



Tá liathróid sa bhosca,
Sa bhosca, sa bhosca,
Tá liathróid sa bhosca,
Sa bhosca trom buí





Cad eile atá sa bhosca?Tá raicéad sa bhosca.
Is raicéad leadóige é.

Tá pónaireán sa bhosca.

Tá cón sa bhosca. Cén dath atá air?
Tá sé dearg.

Tá fonsa sa bhosca.

Cad eile atá sa bhosca?
Tá liathróid sa bhosca.

# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?




# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Dul Siar: Cad atá sa mhála?




Cluiche: Cad atá sa mhála? (Nó cad atá sa bhosca?)
Cuir lámh isteach
Pioc amach ….
Sin ____________,
Tá sé ______________

Cuir bréagáin bheaga nó pictiúir bheaga de chóin, pónaireáin, fonsaí, liathróidí, agus raicéid isteach sa bhosca. Iarr ar dhuine amháin teacht anuas, a shúile a dhúnadh agus an rud atá sa mhála a mhothú. Déanfaidh siad buille faoi thuairim faoi cad atá istigh sa mhála. Beidh orthu an rann a rá ag an am céanna agus an pictiúr nó rud a ainmniú.



Má tá Tóraíocht Taisce Nollag á déanamh acu is féidir é seo a dhéanamh le maisiúcháin Nollag.

Is pónaireán é!
Ní cón é! (Crith do cheann)
Is raicéad é! Raicéad leadóige!

Cad atá sa bhosca?
Tá an ceart ar fad agat, tá cón sa bhosca

Tá réinfhia sa mhála.

# Gníomhamhrán: Tá mé ag siúl (Briathra)



Úsáid geáitsí chun an t-amhrán seo a mhúineadh.

Tá mé ag siúl,
Tá mé ag siúl,
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag siúl

Tá mé ag léim
Tá mé ag léim
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag rith

Tá mé ag rith
Tá mé ag rith
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag rith

Tá mé ag scipeáil
Tá mé ag scipeáil
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag scipeáil

(Bróga Nua - lch 21)



Cantar an t-amhrán seo le fonn 'Tá teidí ag siúl' nó 'The Farmer in the Dell'





# Cluiche 1:Lean na Treoracha

Mínigh go gciallaíonn XXX barr an tseomra.
Cuir an comhartha XXX ag barr an tseomra.
Cuir na páistí ina suí ag bun an tseomra.
Iarr ar na paistí siúl leat go barr an tseomra agus siúl ar ais go dtí an túsphointe ag bun an tseomra. Úsáid na téarmaí ar aghaidh agus siar.
Tabhair treoracha éagsúla do na páistí mar atá léirithe thíos.
TREOIR NUA: REOIGÍ. Beidh ar na páistí stopadh áit a bhfuil siad má deir tú Reoigí! Agus ansin bogfaidh siad arís nuair a chloiseann siad an fheadóg.




Suígí síos ag an túsphointe ag bun an halla/tseomra

Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.

Reoigí!



XXX

Cluiche Teanga: Beir Greim Air

Seiceáil: Ar mhúin mé an dán 'Cad atá sa bhosca' leis na páistí cheana? An bhfuil na huimhreacha ar eolas acu?

An bhfuil na focail cón, pónaireán, liathróid, raicéad leadóige, fonsa agus bosca acu?

Modheolaíocht: Cuir na páistí i ngrúpaí de chúigear. Cuir i líne iad. Tabhair uimhir do gach páiste. Seiceáil cúpla uaire go bhfuil an uimhir ar eolas acu. Cén uimhir tú? A dó. Cén uimhir tusa? A trí. Cuir roinnt den trealamh ag bun an halla – cóin, fonsaí, liathróidí, pónaireáin, boscaí agus raicéid. Cinntigh go bhfuil dóthain trealaimh ann ionas go mbeidh gach ball de na grúpaí in ann píosa amháin de gach cineál trealaimh a fháil. Abair an focal "liathróid". Ansin, nuair a deir tú an uimhir chuí, mar shampla, 'A cúig' ritheann Páiste a Cúig ó gach líne síos go bun an halla, faigheann siad an liathróid agus filleann siad ar ais go barr an halla.

Ansin abair "Cón" – Uimhir a …Dó…ritheann Páiste a Dó ó gach líne síos go bun an halla, faigheann siad an cón agus filleann siad ar ais go barr an halla. Lean ar aghaidh mar seo go dtí go mbeidh píosa amháin de gach cineál trealaimh ag gach grúpa.

Rogha Nollag: Imir an cluiche céanna le nithe a bhaineann leis an Nollaig atá á mhúineadh agat sna ceachtanna Gaeilge m.sh. "Daidí na Nollag, réinfhia, fear sneachta, srl"





<u>Comhrá Samplach idir an Múinteoir agus na Páistí. LE HÚSÁID LE SLEAMHNÁN 23</u>

Seo í Tia. Cad atá á dhéanamh ag Tia? Hhhmmm…tá sí ag féachaint (mím-ag féachaint), agus tá liosta aici (bíodh liosta i do lámh freisin). Hhhhmmm…cad atá ar an liosta? Tá, (cuir do mhéar ag an raicéad)…"raicéad ar an liosta". Tá … cad í seo? Tá liathróid ar an liosta…agus cad é seo? An-mhaith…tá cón ar an liosta.

Tá sí ag tóraíocht. Tá sí ag féachaint agus tá sí ag rá "Cá bhfuil an raicéad? Cá bhfuil an cón? Cá bhfuil an liathróid". An bhfeiceann sibhse iad?

Cá bhfuil an raicéad? (Páiste- it's in the tree). An-mhaith, cén crann? Ar dheis nó ar chlé? (Cuir na fógraí ar dheis agus ar chlé thar an gclár bán mar scafláil más gá). A feicim anois é. Féach tá raicéad sa chrann ar thaobh na láimhe deise, ar dheis.

Céard faoin gcón? Cá bhfuil an cón? Páiste: 'I see it!' Feiceann tú é? Cá bhfuil sé. It's in the tree! Cén crann? An crann ar dheis nó an ceann ar chlé? An crann ar chlé. Cá bhfuil sé? Bhfuil sé ag an mbun nó ag an mbarr? Ó féach tá sé ar bharr an chrainn. An barr. An bhfeiceann sibh é?

Agus cá bhfuil an liathróid? sa bhosca. An-mhaith tá an liathróid sa bhosca. (Can an véarsa cuí den amhrán Cad atá sa Bhosca.
M'anam, tá sibh an-mhaith ag tóraíocht!




Cad atá sa chrann, sa chrann, sa chrann? Cad atá sa chrann? Sa chrann mór glas?

Cum véarsaí eile de Cad atá sa Bhosca chun cabhrú leis an bhfoclóir.

# Plé faoi phictiúr: An Tóraíocht Taisce



Tá mé ag tóraíocht
Tá mé ag tóraíocht
Hé hó mo Dhaidí Ó
Tá mé ag tóraíocht



# Ag ullmhú sa seomra ranga roimh dhul amach chun an Tóraíocht Taisce a dhéanamh.

Mínigh do na páistí go bhfuil liosta agatsa cosúil le liosta Tia.

Taispeáin an liosta do na páistí agus labhair faoi cad a bheidh le bailiú acu. Cad atá ar an liosta? Tá liathróid ar an liosta. Tá fonsa ar an liosta. srl.

Cuir na páistí i ngrúpaí de sheisear. "A haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé. Sibhse le chéile". (athrá le gach grúpa)

Déan cinnte go dtuigeann na grúpaí cad a bheidh le déanamh.
Tabhair bileog agus peann luaidhe do dhuine amháin ar gach foireann. Taispeáin do na páistí go gcuirfidh siad tic sa bhosca nuair atá an rud sin bailithe acu. Mínigh do na páistí nár chóir ach ceann amháin de gach rud ar an liosta a bhailiú
Faigh liathróid amháin do do ghrúpa. (Úsáid do mhéara nuair a deir tú 'amháin').
Déan cinnte go dtuigeann siad go gcaithfidh siad na rudaí a bhailiú agus a thabhairt ar ais leo.

Taispeáin d'fheadóg don rang agus mínigh go mbeidh siad ag siúl amach i líne le chéile agus nach dtosóidh siad go dtí go séidfear an fheadóg.

Cad atá ar an liosta?




Féach tá liosta agamsa! Agus is féidir linn dul amach! Is féidir linne tóraíocht taisce a dhéanamh freisin, cosúil le Tia. Déanfaidh muidne Tóraíocht Taisce!

# An Gníomhaíocht: Tóraíocht Taisce

1. Leagan Amach: Má tá 5 ghrúpa agat tá 5 sheit den trealamh ón liosta uait. Cuir iad i bhfolach timpeall an chlóis (ach éasca go leor le haimsiú).

2. SLEAMHNÁIN RÉAMHEOLAIS-Ullmhú sa Seomra Ranga. Sl.23-26. Moltar na páistí a ullmhú sa seomra ranga, iad a chur i ngrúpaí agus an liosta a phlé sula dtéann siad amach.







3. Caithfidh gach foireann gach rud atá ar an liosta a aimsiú agus a bhailiú. Déan plean le gach grúpa- 'fanaigí le chéile'- 'rud amháin ag duine amháin'. 'Tóg leat iad'. 'Bailigh na 6 rud ar an liosta'.

3. Agus na páistí ar ais déan comhaireamh le seiceáil go bhfuil 6 rud acu agus déan seiceáil go bhfuil gach rud ón liosta acu. An bhfuil gach rud agaibh? Cad atá agat a Sheáin? Cad atá agat a Mháire? A haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé. Tá gach rud agaibh! Maith sibh!



# Tóraíocht Taisce

Cuir ✓ in aice leis na rudaí nuair a aimsíonn tú iad. Bailigh iad. Beidh an bua ag an gcéad ghrúpa a thagann ar ais le gach rud ina lámha.

## ROGHA BREISE

1. Déan an tóraíocht taisce ó Shleamhnán 26 ach le foclóir a bhaineann leis an Nollaig.
2. Ag féachaint ar an bhfoclóir Nollag atá á mhúineadh agat aimsigh 5 sheit de mhaisiúcháin Nollag gur féidir leat a chrochadh timpeall chlós na scoile* Is áisiúil na maisiúcháin a chrochtar ón gcrann Nollag a úsáid mar beidh sé éasca iad a chrochadh taobh amuigh.
3. Cuir na híomhánna cuí ar an mbileog Tóraíocht Taisce Sleamhnán #28 Tá sampla ar Shleamhnán #30. Taispeáin na maisiúcháin Nollag do na páistí agus bain úsáid as Cluiche Kim, Cad atá sa mhála?, aithris agus athrá chun an teanga a mhúineadh.
4. An chéad lá eile agus an teanga ag na páistí déan an tóraíocht taisce Nollag leo.

Cliceáil ar Dhaidí na Nollag chun dul ag Padlet Nollag COGG!










# Tóraíocht Taisce

Cuir ✓ in aice leis na rudaí nuair a aimsíonn tú iad. Bailigh iad. Beidh an bua ag an gcéad ghrúpa a thagann ar ais le gach rud ina lámha.





# Tréimhse Iarghníomhaíochta: Fuarú

Cuir na páistí ag seasamh go ciúin ag éisteacht.

An múinteoir ag léiriú: Tosaigh ag siúl timpeall leis an bpónaireán ar do chloigeann. Déan iarracht siúl ó chón go cón. Bí ag caint leat féin…"Tá mé ag siúl go mall, an-mhall…agus go deas socair…agus go ciúin…sin é…deas réidh. Wú-hú! Rinne mé é!!! Rinne mé é!!".
Féach an féidir le páiste eile é a dhéanamh- lámha síos, téigh go mall, sin é.

Déan dul siar ar na dathanna agus na páistí á gcur i ngrúpaí agat. "Is sibhse an grúpa dearg". "Seas ag an gcón dearg".
"Is sibhse an grúpa gorm. Seasaigí ag an gcón gorm", is araile. Cuir timpeall ceathrar i ngach grúpa.

Ar an bhfeadóg caithfidh an chéad pháiste siúl chomh fada leis an gcón trasna uathu agus ar ais.
Tugann siad an mála pónaire go
dtí an chéad duine eile agus déanfaidh siad an rud céanna.



# Treimhse Iarchumarsáide: Smaointe don Athneartú

Téigh siar ar theanga an aonaid, ag baint úsáid as na dánta, na rainn, Gaeilge neamhfhoirmiúil agus athrá. An féidir leo an teanga seo a úsáid i gcomhthéacsanna eile?

Scéal Ranga: Glac pictiúir de na páistí agus iad i mbun na tóraíochta taisce. Úsáid na pictiúir chun dul siar a dhéanamh agus chun cur leis an teanga. Inis scéal do na páistí a ghabhann leis na pictiúir agus iarr orthu cabhrú leat. “Rinne an rang Tóraíocht Taisce. Bhí liosta againn. Bhí 6 rud ar an liosta. Bhí raicéad ar an liosta. Bhí liathróid ar an liosta. .... Bhíomar i ngrúpaí. Bhí orainn 6 rud a bhailiú, a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé. Fuair Seán liathróid. Fuair Mia fonsa. srl.”

Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt den Tóraíocht Taisce.
Cuir ceisteanna orthu faoi cad atá sa phictiúr.

